Comhairle AE

PRESS GA

PREASEISIÚINT
53/17
08/02/2017

# Athchóirithe struchtúracha laistigh de na Ballstáit: Tagann an Uachtaránacht agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir le clár tacaíochta

Ar an 8 Feabhra 2017 tháinig an Uachtaránacht ar chomhaontú sealadach le hionadaithe Pharlaimint na hEorpa maidir le clár chun **cabhrú leis na Ballstáit athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme**.

Bunófar an clár le haghaidh na tréimhse ó dháta a theacht i bhfeidhm go dtí **an 31 Nollaig 2020** agus clúdach airgeadais de **€142.8 milliún** dlite dó.

> *"Is clár é seo trína dtabharfar tacaíocht do rialtais chun a gcuid struchtúr eacnamaíoch agus rialachais a fheabhsú. Is céim chun tosaigh é chun cumas na mBallstát a fheabhsú i dtaca le hathchóirithe tábhachtacha a chur chun feidhme a bheidh chun tairbhe shaoránaigh na hEorpa ar deireadh."*
>
> *a dúirt Ian Borg, rúnaí parlaiminte Mhálta le haghaidh Uachtaránacht an Aontais 2017 agus le haghaidh cistí an Aontais*

Cuirfear an comhaontú faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe sna laethanta amach anseo le go bhformheasfar é. Iarrfar ar an bParlaimint agus ar an gComhairle ansin an rialachán atá molta a ghlacadh ar an gcéad léamh.

## Cuspóirí

Tríd an gclár cuirfear le **hathchóirithe institiúideacha, riaracháin agus struchtúracha** lena ndírítear ar iomaíochas, táirgiúlacht, fás, poist, comhtháthú agus infheistíocht a fheabhsú.

Is chun tacú le próisis rialachais eacnamaíoch an Aontais a fheidhmeofar é agus beidh cúnamh mar chuid den tacú sin ar mhaithe le cistí an Aontais a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil. Tabharfar maoiniú ón gclár do bhearta agus do ghníomhaíochtaí a mbeidh **breisluach Eorpach** ag baint leo.

## Maoiniú

Faoin gcomhaontú féadfaidh na Ballstáit sin a bhfuil tacaíocht uathu iarraidh ar thacaíocht airgeadais a chur isteach faoin 31 Deireadh Fómhair gach bliain féilire. Déanfar acmhainní airgeadais an chláir a **atreorú ó chláir eile le haghaidh cúnamh teicniúil** faoi chuimsiú chistí an Aontais le haghaidh forbairt struchtúrach agus tuaithe.

## Faireachán agus cur chun feidhme

Is é an Coimisiún a chuirfidh an clár chun feidhme, ag tógáil ar dhea-chleachtais a forbraíodh trí chúnamh teicniúil a thabhairt don Chipir agus don Ghréig i leith a gcuid clár coigeartaithe eacnamaíoch. Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a ndéanfar maoiniú orthu faoin gclár.

**Press office - General Secretariat of the Council of the EU**
Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319
press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press